II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2021/907 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Meitheamh 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i dtaca leis an mBealarúis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfiainise na staide sa Bhealarúis ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle ([2]), déantar foráil maidir le cistí agus achmhainní eacnamaíocha de dhaoine, d'eintitis nó de chomhlachtaí atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine nó as cos ar bolg ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, nó a mbaineann a ngníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta sa Bhealarúis nó iad a thairbhíonn de réimeas Lukashenka nó a thacaíonn leis, agus déantar foráil maidir le toirmeasc a chur ar chistí nó ar acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí sin. Forchuirtear toirmeasc leis freisin ar chúnamh teicniúil a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear ar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh nó a bhaineann leis na hearraí sin a sholáthar, a mhonarú, a chothabháil nó a úsáid. Forchuirtear cosc ar threalamh a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh an diansmachta inmheánaigh a onnmhairiú chuig aon duine, eintiteas nó comhlacht sa Bhealarúis nó lena úsáid sa Bhealarúis, agus forchuirtear toirmeasc ar chúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, tugtar éifeacht do na bearta dá bhforáiltear le Cinneadh 2012/642/CBES.

(3) Glacadh Cinneadh (CBES) 2021/908 ón gComhairle ([3]) lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES de bhun na gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Bealtaine 2021 i ndiaidh tuirlingt neamhdhleathach éigeantach a raibh ar eitilt laistigh den Aontas de chuid Ryanair a dhéanamh i Mionsc na Bealarúise an 23 Bealtaine 2021. Chuir an teagmhas sin, a léirigh neamhiontaofacht údaráis eitlíochta na Bealarúise, an tsábháilteacht eitlíochta i mbaol ar bhonn fianaise bhréagach arbh é ab aidhm di a chur ar a gcumas d'údaráis na Bealarúise an t-iriseoir agus an blagálaí de chuid an fhreasúra Raman Pratasevich agus Sofia Sapega a choinneáil, agus céim bhreise a bhí ann sa diansmacht ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir sin.

(5) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo éifeachtach, ba cheart dó seo teacht i bhfeidhm láithreach,

([1]) IO L 285, 17.10.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 maidir le bearta sriantacha i leith na Bealarúise (IO L 134, 20.5.2006, lch. 1).

([3]) Cinneadh (CBES) 2021/908 ón gComhairle an 4 Meitheamh 2021 lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (Féach leathanach 3 den Iris Oifigiúil seo).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

"7. ciallaíonn 'aeriompróir de chuid na Bealarúise' gnóthas aeriompair a bhfuil ceadúnas bailí oibríochta nó a choibhéis aige arna eisiúint ag údaráis inniúla na Bealarúise.";

(2) cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

"Airteagal 8b

1. Beidh toirmeasc ar aon aerárthach arna oibriú ag aeriompróirí de chuid na Bealarúise, lena n-áirítear mar iompróir margaíochta i socruithe roinnte cód nó socruithe maidir le suíocháin bhlocáilte, maidir le tuirlingt ar chríoch an Aontais nó éirí de thalamh ó chríoch an Aontais, nó eitilt thar chríoch an Aontais.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás tuirlingt éigeandála nó traseitilt éigeandála.

Airteagal 8c

1. De mhaolú ar Airteagal 8b, féadfaidh na húdaráis inniúla sna Ballstáit, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II, aerárthach a údarú le tuirlingt ar chríoch an Aontais, éirí de thalamh ó chríoch an Aontais nó eitilt thar chríoch an Aontais i gcás ina gcinneann na húdaráis inniúla sin go bhfuil gá le tuirlingt, éirí de thalamh nó eitilt thair den sórt sin ar chúiseanna daonnúla nó ar aon chúis eile atá comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo.

2. Cuirfidh an Ballstáit nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 1.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS